I

*(Rúin, moltaí agus tuairimí)*

# RÚIN

# COISTE NA RÉIGIÚN

## INTERACTIO – CIANCHRUINNIÚ – AN 148Ú SEISIÚN IOMLÁNACH DE CNAR, 26.1.2022-27.1.2022

### Rún ó Choiste Eorpach na Réigiún — Rún maidir le hionchur na núdarás áitiúil agus réigiúnach sa Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa

(2022/C 270/01)

TÁ COISTE EORPACH NA RÉIGIÚN (CnaR),

Ag féachaint don mhéid seo a leanas:

— Rún ó CnaR maidir lena Thosaíochtaí Polaitiúla do 2020-2025 ([1]),

— Rúin ó Choiste Eorpach na Réigiún maidir leis an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa an 12 Feabhra 2020 ([2]) agus an 7 Bealtaine 2021 ([3]),

— Rún ó Choiste Eorpach na Réigiún maidir le Clár Oibre 2022 an Choimisiúin Eorpaigh an 2 Nollaig 2021 ([4]),

— Tuarascáil ón nGrúpa Ardleibhéil um an Daonlathas Eorpach i gCoiste Eorpach na Réigiún;

De bharr an mhéid seo a leanas:

a. tá an tAontas Eorpach comhdhéanta de 27 mBallstát, 280 réigiún agus beagnach 90 000 bardas. Ní mór an prionsabal "aontaithe san éagsúlacht" a bheith ina threoirphrionsabal d'fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

b. is éard atá saoránaigh agus a dtoscairí réigiúnacha agus áitiúla chuig an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa ag súil leis ná torthaí inbhraite a chuirfidh le feidhmiú institiúidí an Aontais agus as a dtiocfaidh rialachas athchóirithe AE lena ndíreofar ar ghaireacht agus ar rannpháirtíocht d'fhonn muinín na ndaoine as an Aontas agus a dhlisteanacht dhaonlathach a mhéadú;

c. a bhuí leis an toscaireacht láidir d'ionadaithe polaitiúla réigiúnacha agus áitiúla a ghlac páirt i seisiún iomlánach na Comhdhála, díríodh sna díospóireachtaí ar ábhair imní na saoránach d'fhonn gné chríochach a chur le torthaí na Comhdhála amach anseo;

d. aontaíodh go forleathan i seisiún iomlánach na Comhdhála, sna meithleacha, i gcácais na bpáirtithe polaitiúla agus san ardán digiteach ilteangach leis na príomhthograí arna gcur chun tosaigh ag na toscairí áitiúla agus réigiúnacha chuig an gComhdháil;

**An daonlathas Eorpach**

1. den tuairim gur bunluach de chuid an Aontais é an daonlathas a bhfuil an smacht reachta mar bhonn taca leis agus a léirítear le muinín na saoránach as toghcháin Eorpacha, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla; den bharúil go bhfuil daonlathais Eorpacha, náisiúnta, áitiúla agus réigiúnacha, atá bunaithe ar pharlaimintí réigiúnacha, rialtais, comhairlí agus méaraí réigiúnacha agus a dhlisteanaítear le toghcháin, go hiomlán comhlántach agus go dtreisíonn siad a chéile agus, ar an ábhar sin, gur cheart urraim a thabhairt don daonlathas mar luach uilíoch fud fad an Aontais;

([1]) IO C 324, 1.10.2020, lch. 8.
([2]) IO C 141, 29.4.2020, lch. 5.
([3]) IO C 300, 27.7.2021, lch. 1.
([4]) IO C 97, 28.2.2022, lch. 1.

2. den bharúil, má táthar chun aghaidh a thabhairt ar éileamh méadaitheach na saoránach go rachfar i ngleic leis an easnamh daonlathach, nach mór don Aontas an tsamhail "Teach an Daonlathais Eorpaigh" a chur chun cinn, ar samhail í atá bunaithe ar dhlisteanacht thríthoiseach – is é sin dlisteanacht Eorpach, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil – agus atá ar aon dul le vóta na saoránach ar gach leibhéal; á chur in iúl go mbeidh ról faoi leith ag parlaimintí réigiúnacha a bhfuil cumhachtaí reachtacha acu i ndáil leis sin, ós idirghabhálaithe idir na saoránaigh agus an leibhéal fornáisiúnta iad;

3. suite de gur cheart an daonlathas Eorpach ionadaíoch agus an daonlathas Eorpach rannpháirteach a thabhairt le chéile ar bhealach comhlántach lena áirithiú go ndéanfaidh an daonlathas difear do na saoránaigh sna háiteanna ina gcónaíonn siad;

4. á thabhairt le fios go bhfuil an daonlathas dírithe ar rannpháirtíocht an uile dhuine agus, i gcás na hEorpa, go n-eascraíonn an dlisteanacht as fíorthaithí na ndaoine i leith na coimhdeachta go príomha; á chur in iúl go bhfeictear dó, dá bhrí sin, gur léir go bhfuil todhchaí mhaith i ndán d'Eoraip na saoránach; á chur i bhfios, sa chomhthéacs sin, go mbeidh tábhacht ar leith ag baint le rannpháirtíocht ghníomhach na n-ionadaithe áitiúla agus réigiúnacha ar an leibhéal Eorpach;

5. á chur i bhfáth go bhfuil gá le rannpháirtíocht agus rannpháirteachas na saoránach i mbeartais an Aontais trí ionadaíocht thoghchánach níos láidre ar gach leibhéal rialachais; den bharúil go gcuirfidh sé sin leis an spás poiblí a "Eorpú"; á iarraidh ar Pharlaimint na hEorpa, ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle borradh a chur faoin daonlathas ionadaíoch tríd an gcistiú atá ar fáil do pháirtithe polaitiúla, do ghrúpaí polaitiúla agus d'fhondúireachtaí polaitiúla a oibríonn ar leibhéal an Aontais a mhéadú, lena n-áirítear iad siúd a dhéanann ionadaíocht ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil;

6. den tuairim gurbh fhéidir leas níos fearr a bhaint as creat an Chonartha atá ann faoi láthair ach sineirgí níos fearr a bheith ann idir na leibhéil éagsúla rialachais; á chur in iúl, áfach, nár cheart athruithe ar an gConradh a chur as an áireamh má tá údar cuí leo;

7. á iarraidh go gcuirfí leis an taithí a fuarthas ón gComhdháil ar mhaithe le hidirphlé buan áitbhunaithe a fhorbairt leis na saoránaigh a bheadh mar shásra rannpháirtíochta lena bhféadfaí an tAontas a nascadh ar dhóigh níos fearr leis na dálaí iarbhír ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal contae, ar an leibhéal réigiúnach, agus ar an leibhéal náisiúnta; den bharúil go léireodh an t-idirphlé buan sin leis na saoránaigh an fiúntas breise atá leis i gcomhthéacs toghcháin Eorpacha, náisiúnta agus réigiúnacha/chontae/áitiúla; á chur i bhfios, i dtaca leis sin de, gur cuid suntais í obair na n-ionad ar cuid de líonra Europe Direct iad, dála obair na struchtúr tacaíochta a fheidhmíonn mar thiománaithe do scaipeadh luachanna Eorpacha agus don díospóireacht faoin tionscadal Eorpach. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha buanfhóraim um idirphlé agus díospóireacht Eorpach leis na gníomhaithe éagsúla ina réigiúin féin a spreagadh d'fhonn tionscadal lánpháirtíochta na hEorpa a thabhairt níos gaire do na saoránaigh;

8. á iarraidh go ndéanfaí cineálacha nua rannpháirtíochta sibhialta a institiúidiú ar leibhéal an Aontais trí bhíthin comhphlé leis na saoránaigh maidir le hábhair ar leith a bhunú le saoránaigh a roghnófar go randamach;

9. ag tarraingt aird air go bhfuil fios gnó follasach ag réigiúin, contaetha agus cathracha an Aontais i dtaca le rannpháirtíocht na saoránach; á mheabhrú gurb iadsan a d'eagraigh formhór na 5 000 idirphlé agus imeacht leis na saoránaigh, nó nach mór, a tionóladh i gcomhthéacs na Comhdhála; ag athdhearbhú go bhfuil sé faoi réir chun leanúint d'idirphlé áitiúil a eagrú arb é is aidhm dó an bhearna idir na hinstitiúidí Eorpacha agus na saoránaigh a laghdú trí dhul i mbun plé leo ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal contae agus ar an leibhéal réigiúnach;

**Coimhdeacht ghníomhach agus comhréireacht sa phróiseas cinnteoireachta Eorpach**

10. á mholadh go gcuirfí le prionsabail an rialachais il-leibhéil agus na comhpháirtíochta agus go n-ionchorprófaí iad i bhforálacha reachtacha agus rialála bheartais uile an Aontais a bhfuil tionchar réigiúnach nó áitiúil acu; á iarraidh an athuair go gcódófaí prionsabail an rialachais il-leibhéil agus na comhpháirtíochta thar chistí SIE i gCód Iompair idirinstitiúideach agus go n-áireofaí iad sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr;

11. á chur i bhfáth go gcuirfidh misin AE, ar ionstraim nua ríthábhachtach iad chun dul i ngleic le mórdhúshláin shochaíocha an Aontais, féachaint dháiríre ar thionchar agus inchreidteacht an Aontais. Ní mór gur misin dhlisteanacha a bheidh iontu agus go nglacfar leo go forleathan. Dála mar a thug an Coimisiún Eorpach chun léire, tá ról na gcathracha agus na réigiún, i dteannta a ngeallsealbhóirí agus a saoránach uile, ríthábhachtach má táthar chun spriocanna uaillmhianacha mhisin an Aontais a bhaint amach. á iarraidh ar na misin AE treochláir shoiléire a shainiú maille le cur chuige nua sistéamach ilrialachais agus modheolaíochtaí nua sistéamacha ilrialachais a chruthú maidir le turgnamh, fréamhshamhaltú, faireachán, agus méadú ar ghníomhaíochtaí ar gach leibhéal rialachais;

12. á iarraidh go neartófaí prionsabal na coimhdeachta gníomhaí trí leasuithe a dhéanamh ar Phrótacal 2 de Chonradh Liospóin maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm; á éileamh go ndéanfaí, leis na leasuithe sin, an sprioc chun mionscrúdú a dhéanamh ar an gcoimhdeacht faoin sásra luathrabhaidh a shíneadh go 12 sheachtain, úsáid chórasach na "greille" meastóireachta ar choimhdeacht atá forbartha ag CnaR a thabhairt isteach agus nós imeachta "cárta glas" a thabhairt isteach lena gceadófaí do líon suntasach parlaimintí náisiúnta nó réigiúnacha reachtaíocht AE a mholadh;

13. á mholadh go mbeadh gné chríochach i gceist leis na measúnuithe tionchair agus go dtabharfaí an aird dlí chéanna ar phrionsabal na comhréireachta agus a thugtar ar phrionsabal na coimhdeachta;

14. á iarraidh go ndéanfaí CnaR a ardú de réir a chéile ó chomhlacht comhairleach go comhlacht comhchinnteoireachta de chuid an Aontais Eorpaigh maidir le príomhréimsí beartas a bhfuil tionchar críochach acu;

15. Ní mór béim a leagan ar a thábhachtaí atá na tionscnaimh arna seoladh ag CnaR maidir le coimhdeacht agus feabhsú na reachtaíochta Eorpaí, ní hamháin an líonra coimhdeachta ach RegHub freisin, a bhfuil ról níos mó ná riamh aige agus atá an-úsáideach don Choimisiún Eorpach;

16. á thabhairt le fios gur féidir le CnaR gné den bheartas Eorpach a léiriú nach féidir le comhlachtaí eile de chuid an Aontais a léiriú agus, ar an ábhar sin, go gcuireann dearcadh réigiúnach agus áitiúil CnaR le ceapadh beartas agus le dlisteanacht laistigh den Aontas Eorpach ar bhealach ríthábhachtach;

17. den bharúil gur den ríthábhacht é go ndíreodh CnaR a chuid oibre ar bheartais a bhfuil tionchar críochach acu, agus dá bhrí sin, den chuid is mó, ar ábhair a bhfuil baint ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha leo ar an leibhéal cur chun feidhme nó a ndéantar difear suntasach dóibh;

18. á iarraidh go mbeadh sé d'oibleagáid ar Pharlaimint na hEorpa, ar an gCoimisiún Eorpach agus ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh plé a dhéanamh ar thuairimí ó CnaR arna nglacadh tar éis comhairliúchán éigeantach, agus cúiseanna réasúnaithe a thabhairt mura gcuirtear na tuairimí sin san áireamh;

19. á iarraidh go mbeadh rochtain ag CnaR ar chruinnithe tríthaobhacha agus ar dhoiciméid ghaolmhara, ar choinníoll go bhfuil tuairim éisithe aige maidir leis an togra i dtrácht faoi Airteagal 307 CFAE; á éileamh go gcuirfí ar chumas CnaR comhréitigh a mholadh do na comhreachtóirí, rud a ligfidh dóibh ionchur luachmhar a fháil maidir le dálaí iarbhír an chur chun feidhme ar an leibhéal áitiúil;

20. á iarraidh go mbeadh sineirgí idirinstitiúideacha níos fearr ann, cuir i gcás trí pháirt a thabhairt do CnaR san obair a dhéanann struchtúir Pharlaimint na hEorpa agus Chomhairle an Aontais Eorpaigh (e.g. coimisiúin, coistí agus meithleacha) agus sa nós imeachta coiste;

21. á mheabhrú go gcuirtear 70 % den reachtaíocht chun feidhme ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil; á iarraidh go rachfaí i gcomhairle leis i bpróisis phleanála, chláir oibre agus socraithe tosaíochtaí bliantúla agus ilbhliantúla an Aontais, amhail iad siúd dá bhforáiltear faoin gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr; ag leagan béim, i dtaca leis sin, ar bhreisluach líonra RegHub; á iarraidh go neartófaí é;

22. deimhin de go mbeidh rialáil níos fearr san Aontas Eorpach mar thoradh ar thuilleadh breithnithe a dhéanamh ar thaithí shonrach na n-údarás áitiúil agus réigiúnach maidir le dlí an Aontais a chur chun feidhme;

23. á chur i bhfáth nach mór aon éabhlóid ar dhlí toghcháin na hEorpa, lena n-áirítear tabhairt isteach féideartha liostaí trasnáisiúnta a bheith comhsheasmhach le prionsabal na hionadaíochta críochaí agus a áirithiú go mbeidh nasc idir gnéithe áitiúla agus gnéithe réigiúnacha bheartais an Aontais, agus go mbeidh Feisirí Pharlaimint na hEorpa gar do na saoránaigh

**Luachanna Eorpacha agus an smacht reachta**

24. á thabhairt le fios go bhfuil ról tábhachtach ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha maidir leis an smacht reachta a neartú; á cháineadh, dá bhrí sin, aon iarracht ionsaí a dhéanamh ar an smacht reachta, an córas breithiúnach a ionstraimiú agus an bonn a bhaint de luachanna agus cearta Eorpacha nó d'fhorlámhas dhlí AE ar an dlí náisiúnta; á chur in iúl go láidir nach mór do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha a bheith rannpháirteach san fhaireachán agus sa mheasúnú ar an smacht reachta bunaithe ar na critéir atá forbartha ag Coimisiún na Veinéise;

25. ag athdhearbhú a achainí go ndéanfaí bearta chun údarás an Aontais agus na mBallstát a neartú, mar aon le hinchreidteacht institiúidí an smachta reachta agus ról na n-údarás réigiúnach mar institiúidí a chothaíonn an daonlathas;

26. den bharúil nach mór íocaíochtaí a chur ar fionraí nó ceartuithe airgeadais a dhéanamh má sháraítear prionsabal an smachta reachta agus, i gcás bearta den chineál sin a ghlacadh, gur cheart don Bhallstát lena mbaineann leanúint de thacaíocht airgeadais a thabhairt do thairbhithe de chistí an Aontais, lena n-áirítear údaráis áitiúla agus réigiúnacha, nach bhfuil freagrach as sáruithe ar an smacht reachta;

27. á chur in iúl gur feasach dó gur measa anois na héagothromaíochtaí a bhí ann roimhe seo i réigiúin na hEorpa de dheasca na paindéime; á iarraidh, ar an gcúis sin, ar chomhpháirteanna na Comhdhála an dlúthpháirtíocht Eorpach a threisiú agus an comhtháthú a aithint mar bhunluach Eorpach;

28. á mholadh go mbunófaí clár Erasmus do pholaiteoirí áitiúla agus réigiúnacha chun cur lena gcuid eolais ar an Aontas, soláthar cistí a mhéadú agus feabhas a chur ar cháilíocht chur chun feidhme na mbeartas;

**An óige, an t-oideachas agus an cultúr**

29. á thabhairt le fios gur cheart an deis atá sa Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa a thapú chun bheith ar thús cadhnaíochta sna hiarrachtaí chun Aontas an Chomhionannais a bhaint amach, agus aghaidh á tabhairt go héifeachtach ar gach cineál idirdhealaithe; den tuairim gur den riachtanas a áirithiú, ar dhóigh níos fearr, go ndéanfar prionsabail an chomhionannais inscne a phríomhshruthú ar fud reachtaíocht an Aontais agus go dtabharfar isteach "measúnuithe tionchair inscne" le haghaidh gach píosa nua reachtaíochta AE a bheartófar;

30. den bharúil gur cheart, faoi chuimsiú na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa tograí a dhéanamh maidir le mionlaigh san Aontas a chosaint agus a chur chun cinn ar bhealach inbhuanaithe, ag tógáil ar na tograí atá mar chuid den Tionscnamh ó na Saoránaigh "Minority Safepack", ar éirigh go maith leis;

31. ag leagan béim ar an ngá atá ann aghaidh a thabhairt ar bhagairtí na bréagaisnéise san Eoraip; á iarraidh go ndéanfaí curaclam uile-Eorpach don oideachas sibhialta a thabhairt isteach, luachanna daonlathacha na hEorpa a chur chun cinn, an smaointeoireacht chriticiúil, scileanna digiteacha agus litearthacht sna meáin a fhorbairt agus a chur chun feidhme i gcomhpháirt leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha;

32. á iarraidh go ndéanfaí an-ghníomhaíocht ar leibhéal an Aontais chun éagothromaíochtaí réigiúnacha san oideachas a laghdú, go háirithe i limistéir iargúlta, trasteorann, thuaithe agus uirbeacha bochta; á éileamh go dtacódh an tAontas leis na hiarrachtaí atá ar bun ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach lena áirithiú go mbeidh an t-oideachas slán i bhfad na haimsire trí uirlisí nua teagaisc a fhorbairt amhail ardáin dhigiteacha ilteangacha uile-Eorpacha chun ábhar oideachais a scaipeadh go forleathan;

33. ag leagan béim ar a thábhachtaí atá sé leanúint d'fhaighteoirí, de dheiseanna agus de chistí an chláir Erasmus+ a leathnú, arb é an ionstraim is tábhachtaí é dá bhfuil ag an Aontas Eorpach chun feasacht Eorpach chomhroinnte a chruthú. Go háirithe, ba cheart borradh a chur faoi na hacmhainní agus na deiseanna reatha a chuireann sé ar fáil ar leibhéal na scoile, mar aon leis na hacmhainní agus na deiseanna a leithdháiltear ar réimsí éagsúla an riaracháin phoiblí. Ar an dóigh sin, féadfar clár a bhunú do mhalartú dea-chleachtas chun raon feidhme an chláir Erasmus do Riaracháin Phoiblí atá ann faoi láthair a leathnú;

34. den bharúil gur cheart tús áite a thabhairt don dífhostaíocht i measc na hóige, don bhochtaineacht i measc na hóige agus don bhochtaineacht leanaí a chomhrac i réigiúin, i gcathracha agus i limistéir thuaithe uile na hEorpa;

35. den tuairim go bhfuil rochtain uilíoch ar ghníomhaíochtaí cultúir agus spóirt barrthábhachtach chun forbairt eacnamaíoch agus shóisialta a chumasú agus líon iomlán na ndaoine, go háirithe daoine óga, a bhfuil baint acu leis na gníomhaíochtaí sin a mhéadú agus, ar an dóigh sin, cur chun cinn luachanna coiteanna Eorpacha a éascú;

**An aeráid, an comhshaol agus athléimneacht**

36. á mheabhrú go bhfuil ról cinntitheach ag na réigiúin agus na cathracha maidir le formhór na ngníomhaíochtaí maolúcháin agus oiriúnúcháin a chur chun feidhme, maidir le freagairt ar thubaistí aeráide agus maidir le rannpháirtíocht ghníomhach na bpobal áitiúil san aistriú glas a áirithiú; á éileamh, dá bhrí sin, go mbeadh baint shoiléir institiúideach ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha le beartais aeráide, fuinnimh agus chomhshaoil a cheapadh agus a chur chun feidhme, go mbeadh rochtain dhíreach ar chistiú ón Aontas, go n-íoslaghdófaí bacainní maorlathacha agus go mbeadh cláir chomhordaithe ar gach leibhéal rialachais agus, go háirithe, pleananna infheistíochta chun tacú leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus leis na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta; á chur i bhfios go láidir gur réamhchoinníoll atá sa chistiú díreach i dtreo go mbeidh na cathracha agus na réigiúin faoi réir chun glacadh leis na spriocanna uaillmhianacha atá á gcaibidliú faoin bpacáiste "Oiriúnach do 55";

37. ag tarraingt aird ar ghné chríochach an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus ar na naisc leis an gclaochlú digiteach agus le beartais shóisialta; á éileamh go gcuirfí san áireamh, agus faireachán á dhéanamh ar na bearta aeráide sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta, na Comhaontaithe Glasa Áitiúla; á mholadh go gcruthófaí Scórchlár Réigiúnach Eorpach a mbeadh táscairí soiléire, spriocdhírithe, soláimhsithe don úsáideoir ag gabháil leis chun tomhas agus faireachán a dhéanamh ar thionchair an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip ar leibhéal réigiúin NUTS 2;

38. á éileamh athuair go n-eagrófaí ardáin agus idirphlé il-leibhéil ar bhonn córasach d'fhonn rannpháirtíocht struchtúrtha agus chuimsitheach na n-údarás áitiúil agus réigiúnach a áirithiú i bpleanáil agus i gcur chun feidhme thionscnaimh an Chomhaontaithe Ghlais, rud a chuirfidh le pobail áitiúla athléimneacha a chothú freisin; ag leagan béim air go bhfuil gá le mear-athrú chuig córais fuinnimh inathnuaite agus chuig a dteicneolaíochtaí agus an bonneagar lena mbaineann a oiriúnú chun go mbeidh rath ar an gComhaontú Glas;

39. á chur i bhfios go láidir an ról méadaitheach atá ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha ar an leibhéal domhanda agus ar an leibhéal Eorpach maidir le haistriú aeráide cóir a áirithiú; á thabhairt dá aire go n-aithnítear i gComhaontú Pháras agus i nDearbhú Dhún Éideann maidir leis an gCreat Domhanda Bithéagsúlachta iar-2020 a thábhachtaí atá an rialachas il-leibhéil chun aeráidneodracht, bithéagsúlacht agus forbairt inbhuanaithe a bhaint amach i gcomhréir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe; ag athdhearbhú a thacaíochta do chóras um rannchuidithe arna gcinneadh go háitiúil agus go réigiúnach (RLDCanna), trína bhféadfadh astaíochtaí gás ceaptha teasa a aithint go foirmiúil, faireachán a dhéanamh orthu agus spreagadh a thabhairt dá laghdú;

40. á mholadh go dtabharfaí aird ar chlaochlú inbhuanaithe na hearnála iompair, claochlú nach mór a bheith cóir agus cothrom agus a áiritheofar nach bhfágfar aon réigiún ar lár agus go mbeidh an tsoghluaisteacht inbhuanaithe a bhreoslaítear ar dhóigh mhalartach inacmhainne agus inrochtana do gach saoránach i ngach réigiún; á mholadh Sásra um Aistriú Cóir a thabhairt isteach do na réigiúin atá spleách ar an earnáil mótarfheithiclí d'fhonn na hathruithe san earnáil a bhainistiú, agus é á chur san áireamh go bhfuil an earnáil mótarfheithiclí (ina gcuirtear poist dhíreacha agus indíreacha ar fáil do 13,8 milliún Eorpach, mar atá, 6,1 % d'fhostaíocht iomlán an Aontais) ag dul faoi phróiseas chlaochlaithe bhunúsaigh san aistriú chuig feithiclí astaíochtaí nialasacha, rud a mbeidh tionchar ollmhór aige ar fhás réigiúnach agus ar phoist;

**Aontas Sláinte**

41. á chur in iúl athuair a thiomanta atá sé oibriú chun Aontas Sláinte Eorpach lánfheidhme a bhunú lena n-urramaítear prionsabal na coimhdeachta agus inniúlachtaí dlí i réimse na sláinte; á iarraidh go mbeadh ról níos soiléire ag na húdaráis réigiúnacha, go háirithe sna réigiúin a bhfuil cumhachtaí reachtacha acu i réimse na sláinte, agus ag na húdaráis áitiúla san Údarás Eorpach um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandáil Sláinte a bheidh ann amach anseo, i dteannta na n-údarás náisiúnta agus institiúidí an Aontais;

42. i bhfabhar rochtain a bheith ag gach saoránach den Aontas ar r-shláinte; á iarraidh go ndéanfaí inniúlachtaí an Aontais a dhoimhniú i réimse na sláinte, lena n-áirítear trí athruithe ar na Conarthaí, go háirithe chun a chur ar chumas an Choimisiúin éigeandáil sláinte phoiblí a aithint go foirmiúil ar leibhéal an Aontais; ag tacú leis an iarraidh go ndéanfaí cosaint do chúram sláinte agus acmhainneachtaí monaraíochta an Aontais a neartú, agus an comhar i réimse na gcógas a mhéadú;

43. á mholadh go bhforbrófaí comhar trasteorann i réimse an chúraim sláinte, lena n-áirítear cistiú fadtéarmach AE agus go gceadófaí do phearsanra agus d'fheithiclí de chuid na seirbhísí éigeandála agus cúraim sláinte na teorainneacha a thrasnú saor ó bhac. Ar mhaithe leis na saoránaigh, ba cheart bacainní maorlathacha atá fós ag cur isteach ar chúram sláinte trasteorann agus ar sheirbhísí éigeandála a bhaint go pras agus gan rómhaorlathas;

**An geilleagar, ceartas sóisialta agus an fhostaíocht**

44. suite de go gcuireann an Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa borradh dáiríre faoi Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta sa dóigh gur féidir leis a bheith ina "leabhar rialacha sóisialta" nua lena n-éascófar an t-aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus rochtain ar phoist, agus an comhtháthú sóisialta á fheabhsú san am céanna;

45. á iarraidh go ndéanfaí athrú ó bhonn ar rialachas eacnamaíoch na hEorpa, lena gcaithfear tacaíocht níos fearr a thabhairt d'infheistíocht ardcháilíochta, phoiblí, fhadtéarmach agus inbhuanaithe ar gach leibhéal rialtais trí rialacha buiséadacha athbhreithnithe agus cuntasacht agus éifeachtúlacht dhaonlathach a fheabhsú trí na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha a bheith níos rannpháirtí sa Seimeastar Eorpach trí Chód Iompair atá bunaithe ar chomhpháirtíocht; á athdhearbhú go mbeadh sé i bhfách leis dá gcuirfí deireadh leis an gcinnteoireacht d'aon toil i ndáil leis an gcánachas chun go bhféadfadh an tAontas Eorpach na cinntí is gá a dhéanamh trí thromlach cáilithe, amhail i réimsí eile gníomhaíochta;

46. á iarraidh an cistiú atá ar fáil don téarnamh agus don aistriú glas agus don aistriú digiteach a úsáid chun aistriú, athsciliú agus uas-sciliú i margadh an tsaothair a éascú agus, san am céanna, an leibhéal céanna cosanta a áirithiú do dhaoine a oibríonn ar ardáin dhigiteacha nó sa gheilleagar poistíneachta agus a áirithítear dóibh siúd a oibríonn sa gheilleagar as líne;

47. ag cur béim ar ról na nuálaíochta maidir le geilleagar níos láidre a fhorbairt agus fás iomaíoch inbhuanaithe a áirithiú; den tuairim gur gá infheistíocht a dhéanamh sna cumais is gá (bonneagar taighde, líonraí leathanbhanda, an tsár-ríomhaireacht, intleacht shaorga agus tacair sonraí oscailte) ar mhaithe leis an nuálaíocht Eorpach agus gur gá scoláirí agus speisialtóirí a mhealladh i ngach críoch Eorpach chuige sin;

**An claochlú digiteach**

48. den bharúil nach mór a áirithiú leis an gclaochlú digiteach go mbainfear leas iomlán as an teicneolaíocht ar dhóigh a bheidh chun tairbhe do gach earnáil den tsochaí (laistigh de chreat eiticiúil lena n-urramófar cearta na saoránach, go háirithe a mhéid a bhaineann le húsáid teicneolaíochtaí suaiteacha agus, go sonrach, teicneolaíochtaí intleachta saorga), go ndúnfar an bhearna dhigiteach agus go n-áiritheofar go mbeidh an litearthacht dhigiteach agus an nascacht dhigiteach ar fáil i ngach áit san Eoraip;

49. ag leagan béim ar an ngá atá le slándáil sonraí, le hidir-inoibritheacht sonraí agus le stóráil sonraí; á chur in iúl go bhfuil sé ag tnúth leis an togra ón gCoimisiún Eorpach le haghaidh Gníomh Cibear-athléimneachta Eorpach nua; den tuairim nach mór infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar slán ardtoillte d'fhonn rochtain idirlín a sholáthar do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí araon má táthar chun rochtain ar sheirbhísí digiteacha agus ar fhaisnéis dhigiteach a áirithiú, lena n-áirítear seirbhísí poiblí a chur ar fáil go héifeachtúil;

50. á thabhairt le fios go bhfuil an claochlú digiteach ag brath ar fhís fhadtéarmach don oideachas, don taighde agus do mhalartú maidir le saincheisteanna digiteacha; á chur in iúl nach mór don Aontas a bheith ina nuálaí agus ina cheann feadhna sa mhéid sin chun teicneolaíochtaí digiteacha nua agus seirbhísí digiteacha nua a aimsiú agus gur cheart dó caighdeáin dhigiteacha iomchuí chomhleanúnacha a leagan síos;

51. den bharúil, dá bhrí sin, gur gá an comhtháthú digiteach a áireamh sa phlé ar thodhchaí na hEorpa ós gné thábhachtach bhreise é de choincheap traidisiúnta an chomhtháthaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chríochaigh a shainmhínítear i gConradh an Aontais Eorpaigh;

52. á iarraidh go ndéanfaí beart ar bhonn práinne chun aghaidh a thabhairt ar na deighiltí digiteacha sna Ballstáit agus idir limistéir uirbeacha agus thuaithe a mhéid a bhaineann leis an nascacht agus leis an mbonneagar digiteach, le scileanna digiteacha, le rochtain ar ríomhsheirbhísí rialtais agus úsáid na seirbhísí sin; á iarraidh, ar an gcúis sin, go dtabharfaí isteach "Ríomhchárta Eorpach Seirbhísí Trasteorann" chun rochtain ar sheirbhísí poiblí agus éigeandála a shimpliú do na saoránaigh agus do ghnólachtaí i réigiúin trasteorann;

**An imirce**

53. á iarraidh go nglacfaí cur chuige Eorpach agus aghaidh á tabhairt ar bhunchúiseanna na himirce mar fheiniméan atá bunaithe ar an éagobhsaíocht dhomhanda agus ar choinbhleachtaí domhanda, ar leochaileacht stáit agus ar an imirce aeráide; ag áitiú go dtabharfaí faoi fhothú éifeachtach acmhainneachta d'fhonn cur le bainistiú éifeachtach éifeachtúil na himirce ar gach leibhéal rialachais;

54. á thabhairt dá aire go n-aithníonn saoránaigh agus toscairí an ról lárnach atá ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha maidir le himircigh agus dídeanaithe a lánpháirtiú agus a chuimsiú sna limistéir atá buailte go dona; á iarraidh, ar an gcúis sin, go mbeadh páirt ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha maidir le ceapadh beartas lánpháirtithe; á iarraidh go gcuirfí le chéile bosca uirlisí beartais níos solúbtha lena gcuirfear ar chumas na n-údarás fonáisiúnta an lánpháirtiú a stiúradh agus rath na mbeartas maidir le lánpháirtiú agus cuimsiú a thomhas ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil; á iarraidh go mbainfí leas as an acmhainneacht mhór atá sa dlúthpháirtíocht dheonach inár mbardais agus inár réigiúin d'fhonn coincheap na hacmhainneachta glactha dheonaigh a chomhtháthú i mbeartas cuimsitheach agus fadtéarmach maidir leis an imirce;

55. á mholadh go mbunófaí modheolaíochtaí chun samhlacha maidir le glacadh agus lánpháirtiú inbhuanaithe a mhacasamhlú, amhail urraíocht phobail;

**Torthaí na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa agus obair leantach**

56. á chur in iúl go bhfeictear dó gur túsphointe atá sa Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa le haghaidh próiseas daonlathach atá iomlán cumhachtaithe ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil; ag athdhearbhú go bhfuil gá le díospóireacht leanúnach, fhíorchuimsitheach, thrédhearcach, dhíláraithe, atá cothrom ó thaobh na geografaíochta agus na polaitíochta de ar thodhchaí an Aontais Eorpaigh; den bharúil gur cheart an Chomhdháil a bhunú ar chur chuige oscailte, lena n-áirítear i dtaca le beartais agus institiúidí a athchóiriú, agus gur chóir go réiteofar an bealach leis d'athchóirithe marthanacha a bheidh ann fiú tar éis na Comhdhála;

57. á chur in iúl athuair a lántiomanta atá sé rannchuidiú le hobair leantach na Comhdhála trí ghníomhaíochtaí a dhéanamh de thionscnaimh agus de thograí polaitiúla lena gcomhlíonfar ionchais na saoránach; á thabhairt le fios go bhfuil rath na Comhdhála ag brath freisin ar mholtaí na saoránach a bheith á léiriú i dtorthaí praiticiúla. Mura nglacfar a gcuid moltaí, nó má ghlactar i bhfoirm mhodhnaithe iad, ba cheart na cúiseanna leis sin a leagan amach go soiléir trédhearcach;

58. á chur i bhfios go láidir, agus tús á chur le gníomhaíochtaí leantacha, amhail tograí reachtacha nua chun torthaí na Comhdhála a chur chun feidhme, go gcaithfear roinnt na n-inniúlachtaí agus, go háirithe, prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chumhdaítear sna Conarthaí a urramú;

59. á threorú dá Uachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig cathaoirleacht na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, chuig Parlaimint na hEorpa, chuig Uachtaránacht na Fraince, Uachtaránacht na Seicia agus Uachtaránacht na Sualainne ar Chomhairle an Aontais, chuig Uachtarán na Comhairle Eorpaí agus chuig Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh;

60. i bhfabhar lánúsáid a bhaint as an dá bhliain a bhí beartaithe i dtosach don Chomhdháil, ag tosú an 9 Bealtaine 2021, chun plé iomchuí cuimsitheach a éascú faoi smaointe agus tograí na saoránach. Ba cheart tuarascáil eatramhach a fhoilsiú in earrach 2022.

An Bhruiséil, 27 Eanáir 2022.

*Uachtarán*
*Choiste Eorpach na Réigiún*

Apostolos TZITZIKOSTAS